Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5364/24**

**ECOFIN 40**
**UEM 9**
**STATIS 8**
**INST 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar cathaoirleach ar an mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB):<br>- Glacadh |

1. De bhun Airteagal 3(3) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE[1], tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, roghnóidh an Chomhairle ainmniú chathaoirleach an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB), agus tá Parlaimint na hEorpa lena fhormheas.

2. I litir dar dáta an 5 Iúil 2023 (11537/23), chuir Cathaoirleach ESGAB in iúl don Chomhairle go dtiocfaidh deireadh lena shainordú an 31 Eanáir 2024 agus d'iarr sé ar an gComhairle cathaoirleach nua a cheapadh.

3. An 23 Meán Fómhair 2023, mhol an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais don Chomhairle iarrthóireacht **Alfred CAMILLERI** mar chathaoirleach ar ESGAB (14606/23).

[1] Cinneadh Uimh 235/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpaigh, (ESGAB) (IO L 73, 15.3.2008, lch 17-19).

4. An 8 Samhain 2023, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le hiarrthóireacht Alfred CAMILLERI. I litir dar dáta an 28 Samhain, thug an Coimisiún a thuairim fhabhrach uaidh.

5. An 29 Samhain 2023, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa teacht ar chomhaontú maidir leis an iarrthóir. An 17 Eanáir 2024, chuaigh Parlaimint na hEorpa i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le hiarrthóireacht Alfred CAMILLERI.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh lena gceaptar Cathaoirleach ESGAB, mar a leagtar amach in 5365/24 é agus mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a ghlacadh mar mhír '-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo agus an Cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.